Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Iúil 2026**
**(OR. en)**

**12056/26**

**ENV 972**
**ENT 202**
**MI 799**
**DELACT 119**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 14 Iúil 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2026) 5031 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 14.7.2026 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le maoluithe maidir le hinbhainteacht agus in-athsholáthraitheacht ceallraí inaistrithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 5031 final.

---

Faoi iamh: C(2026) 5031 final

AN COIMISIÚN EORPACH

An Bhruiséil, 14.7.2026
C(2026) 5031 final

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

**an 14.7.2026**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le maoluithe maidir le hinbhainteacht agus in-athsholáthraitheacht ceallraí inaistrithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is teicneolaíocht ríthábhachtach iad ceallraí chun forbairt inbhuanaithe, soghluaisteacht ghlas, fuinneamh glan agus aeráidneodracht a bhaint amach. Úsáidtear ceallraí inaistrithe chun líon méadaitheach táirgí a chumhachtú, ó ghairis inchaite go bréagáin, teicstílí nó feistí leighis.

Tugtar isteach in Airteagal 11 den Rialachán maidir le Ceallraí agus Ceallraí Dramhaíola (an Rialachán) ceanglais ghinearálta maidir le hinbhainteacht agus in-athsholáthraitheacht ceallraí inaistrithe atá ionchorpraithe i dtáirgí atá á gcur ar an margadh. Mar riail ghinearálta, ní mór d'úsáideoirí deiridh a bheith in ann ceallraí inaistrithe a bhaint agus a athsholáthar tráth ar bith le linn shaolré na dtáirgí ina n-ionchorpraítear iad. Is é is aidhm dó sin dífheidhmeacht anabaí a chosc agus bailiú ceallraí inaistrithe dramhaíola ag deireadh a ré a mhéadú

Mar sin féin, i gcásanna sonracha a bhfuil údar cuí leo, mar a leagtar amach in Airteagal 11(2) den Rialachán, gairmithe neamhspleácha, seachas úsáideoirí deiridh, a bheidh in ann ceallraí inaistrithe a bhaint agus a athsholáthar. Tugtar de chumhacht don Choimisiún le hAirteagal 11(4) den Rialachán gníomhartha tarmligthe a ghlacadh lena gcuirtear táirgí breise leis an liosta táirgí nach gá ach go bhfuil gairmithe neamhspleácha in ann a gceallraí a bhaint agus a athsholáthar. Is é an gníomh tarmligthe seo an chéad ghníomh den sórt sin a eascraíonn as an gcumhachtú sin.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Ós rud é gur gníomh teicniúil é seo, ní raibh gá le measúnú tionchair ná le comhairliúchán poiblí oscailte.

Baintear leas sa ghníomh tarmligthe as an bhfianaise a bailíodh trí ghlao ar iarratais a foilsíodh ar shuíomh gréasáin EU Survey, a bhí ar oscailt ar feadh 3 mhí idir mí Feabhra agus mí Aibreáin 2025. Ba é cuspóir an ghlao táirgí is iarrthóirí a shainaithint a bhféadfadh údar a bheith le maoluithe breise ina leith, de bhun Airteagal 11(4) den Rialachán. Rinne an Coimisiún measúnú teicniúil ar fhiúntas na n-iarratas a fuarthas.

An grúpa saineolaithe maidir le dramhaíl, ina bhfuil saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát agus saineolaithe roghnaithe eile a dhéanann ionadaíocht d'eagraíochtaí gnó agus don tsochaí shibhialta, chuathas i gcomhairle leis an ngrúpa sin maidir leis an dréachtghníomh tarmligthe an 11 Nollaig 2025 agus an 5 Feabhra 2026.

Foilsíodh an dréachtghníomh tarmligthe ar an Tairseach um Rialáil Níos Fearr chun aiseolas a fháil ón bpobal ón 28.4.2026 go 26.5.2026. Cuireadh an dréachtghníomh tarmligthe faoi bhráid Choiste na hEagraíochta Domhanda Trádála um Bacainní Teicniúla ar Thrádáil chun aiseolas a fháil ón 12.6.2026 go dtí an 11.7.2026.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Glactar an gníomh tarmligthe de bhun Airteagal 11(4) den Rialachán, lena dtugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh chun táirgí breise a chur leis atá le díolmhú ó na ceanglais inbhainteachta agus in-athsholáthraitheachta a leagtar síos i mír 1 den Airteagal sin.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 14.7.2026**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le maoluithe maidir le hinbhainteacht agus in-athsholáthraitheacht ceallraí inaistrithe**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/1542 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Iúil 2023 maidir le ceallraí agus ceallraí dramhaíola, lena leasaítear Treoir 2008/98/CE agus Rialachán (AE) 2019/1020 agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/66/CE, agus go háirithe Airteagal 11(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar amach in Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2023/1542 ceanglais chineálacha maidir le hinbhainteacht agus in-athsholáthraitheacht ceallraí inaistrithe atá ionchorpraithe i dtáirgí a chuirtear ar an margadh ach san airteagal sin freisin tá liosta maoluithe le haghaidh táirgí áirithe nach gá ach go bhfuil gairmithe neamhspleácha in ann a gceallraí inaistrithe a bhaint agus a athsholáthar, seachas úsáideoirí deiridh.

(2) Is gá gairis inchaite áirithe a chuimsiú i raon feidhme an mhaolaithe a tugadh cheana féin d'fhearais fhliucha chun deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar. Is gairis leictreonacha inaistrithe iad gairis inchaite a chaitear ar an gcorp agus is minic a bhíonn braiteoirí agus nascacht acu chun sonraí a bhailiú agus a tharchur. Tá méadú mór tagtha ar a n-úsáid ó glacadh Rialachán (AE) 2023/1542. Ar na samplaí de ghairis inchaite tá uaireadóirí cliste, rianairí corpacmhainne, spéaclaí cliste nó gairis leictreonacha eile atá comhtháite in éadaí agus i ngabhálais eile. Tugtar treoraíocht sna treoirlínte i bhFógra C/2025/214 ón gCoimisiún maidir le cad is fearas fliuch ann.

(3) Mar thoradh ar mhionadúchán na ngaireas inchaite agus na gceallraí inaistrithe a chumhachtaíonn iad, d'fhéadfadh cásanna a bheith ann ina mbeadh an ceallra imchochlaithe chomh dlúth sin ina ghabhdán go bhféadfadh riosca neamhdhiomaibhseach a bheith ann go ndéanfaí damáiste don cheallra nó go ndéanfaí é a pholladh dá mbainfí é. I gcás ina gcuireann cineál an táirge bac ar a athdhearadh (breithnithe anatamaíocha nó eirgeanamaíocha), tá údar maith ann nach mbeidh ach gairmithe neamhspleácha in ann ceallraí beaga den sórt sin a bhaint agus a athsholáthar.

(4) Suitear le Rialachán (AE) 2025/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ón 1 Lúnasa 2030, go ndearfar bréagáin leictreacha ina bhfuil ceallraí ar páirteanna beaga iad ar bhealach lena n-áiritheofar nach féidir rochtain a fháil ar an gceallra gan uirlis a úsáid, agus i gcás inar gá sin de bharr mhéid nó chineál an bhréagáin, go bhféadfar ceallra in-athluchtaithe a dhéanamh dorochtana, agus nach féidir ach le gairmithe neamhspleácha é a bhaint nó a athsholáthar. Go dtí an dáta sin, is iomchuí a áirithiú go

soláthrófar maolú sealadach i gcomhréir le hAirteagal 11(4) de Rialachán (AE) 2023/1542.

(5) I gcás tóireadóirí teirmiméadair gan sreang atá deartha go sonrach le bheith i dtadhall le bia, dá mba rud é go raibh an t-úsáideoir deiridh in ann ceallraí inaistrithe a bhaint, meastar go mbeadh riosca suntasach sábháilteachta ann le haghaidh úsáideoirí deiridh le linn gnáthoibríochta i gcás ina ndéanfaí damáiste do shéalú an tóireadóra agus ina n-éilleodh na ceimiceáin sceite ón gceallra an bia sin.

(6) Táirgí a thagann faoi raon feidhme Airteagal 1 de Threoir 2014/34/AE, tá siad deartha go sonrach chun oibriú i dtimpeallachtaí a d'fhéadfadh a bheith pléascach. Dá mbainfeadh an t-úsáideoir deiridh aon cheallra inaistrithe atá i dtáirgí den sórt sin, d'fhéadfadh sárú ar na ceanglais sábháilteachta le haghaidh na n-úsáideoirí dá bhforáiltear sa Treoir sin a bheith mar thoradh air sin.

(7) Ionchorpraítear ceallraí beaga inaistrithe i gcórais seachadta ar an gcorp chun cógais a thabhairt ar an leibhéal fo-chraicneach. Dá mbainfeadh an t-úsáideoir deiridh ceallraí den sórt sin, d'fhéadfadh an fheiste feidhmiú go míchuí agus d'fhéadfadh sé go dtabharfaí cógas go contráilte mar thoradh air sin, rud a d'fhéadfadh a bheith ina riosca sábháilteachta le haghaidh an úsáideora.

(8) Feistí teileamaitice atá beartaithe lena suiteáil ar dhíon in innealra talmhaíochta agus tógála agus atá deartha le bheith nochta do chreathanna géara, do dheannach agus do dhálaí fliucha le linn a ngnáthúsáide, is iondúil go gcoinníonn pearsanra deimhnithe ar bun iad, ar pearsanra deimhnithe é a bhfuil rochtain aige ar an oiliúint agus ar na huirlisí is gá. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh rioscaí sábháilteachta a bheith ann le haghaidh úsáideoirí deiridh ach ceallraí inaistrithe atá ionchorpraithe i bhfeistí den sórt sin a bheith inbhainte ag an úsáideoir deiridh.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2023/1542 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2023/1542:

'2. De mhaolú ar mhír 1, féadfar na táirgí seo a leanas ina n-ionchorpraítear ceallraí inaistrithe a dhearadh ar bhealach a fhágfaidh gur gairmithe neamhspleácha amháin a bheidh in ann an ceallra a bhaint agus a athsholáthar:

(a) fearais, **lena n-áirítear gairis inchaite**, atá deartha go sonrach chun oibriú go príomha i dtimpeallacht a bhíonn faoi réir steallta uisce, sruthanna uisce nó ina dtumtar in uisce go rialta iad agus atá beartaithe a bheith in-nite nó insruthlaithe;

(b) feistí gairmiúla íomháithe leighis agus feistí radaiteiripe, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (1), de Rialachán (AE) 2017/745, agus feistí leighis diagnóiseacha *in vitro*, mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), de Rialachán (AE) 2017/746;

(c) **gairis inchaite a bhféadfaí a sábháilteacht, a marthanacht nó a bhfrithsheasmhacht in aghaidh uisce a chur i mbaol mar gheall ar rochtain úsáideora ar an gceallra agus:**

(1) **a mheastar, i ngeall ar a gcineál, a méid nó a bhfoirm, iad a bheith róbheag chun go mbeidh an t-úsáideoir deiridh in ann athsholáthar ceallra a láimhseáil i gceart agus go sábháilte; nó**

(2) **a bhraitheann ar fheireadh dlúth séalaithe chun sláine fheidhmiúil a choinneáil ar bun, lena n-áirítear cosaint ar dheannach agus ar thurraing;**

(d) **go dtí an 31 Iúil 2030, bréagáin leictreacha a bhfuil ceallraí in-athluchtaithe ionchorpraithe iontu, nuair is gá an maolú, de bharr chineál nó mhéid an bhréagáin, chun sábháilteacht an bhréagáin a áirithiú nuair a úsáidtear é i gcomhréir le hAirteagal 10(2) de Threoir 2009/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1],**

(e) **tóireadóirí teirmiméadair gan sreang atá deartha go sonrach le bheith i dtadhall le bia le linn próisis ullmhúcháin bia;**

(f) **táirgí a thagann faoi raon feidhme Airteagal 1 de Threoir 2014/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2];**

(g) **córais seachadta ar an gcorp atá deartha go sonrach chun táirgí íocshláinte a thabhairt ar an leibhéal fo-chraicneach;**

(h) **feistí teileamaitice atá beartaithe lena suiteáil ar dhíon in innealra talmhaíochta agus tógála agus atá deartha le bheith nochta do chreathanna géara, do dheannach agus do dhálaí fliucha le linn na húsáide atá beartaithe dóibh.**

**Ní bheidh na maoluithe a leagtar amach i bpointí (a), (c), (d), (e), (f), (g) agus (h) den mhír seo infheidhme ach amháin nuair is gá maolú den sórt sin chun sábháilteacht an úsáideora agus an fhearais a áirithiú.'**

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

1 Treoir 2009/48/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2009 maidir le sábháilteacht bréagán (IO L 170, 30.6.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2009/48/oj).

2 Treoir 2014/34/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le trealamh agus córais chosanta atá ceaptha lena n-úsáid in atmaisféir a d'fhéadfadh a bheith pléascach (IO L 96, 29.3.2014, lch. 309, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2014/34/oj).

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 14.7.2026

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*